

GAELSCOIL COIS FEABHAIL

Carn na Gairbhe,
Bun an Phobail,
Co. Dhún na nGall.

Fón/Facs: 074 9385762
Ríomhphost: gaelscoilcoisfeabhail2007@yahoo.ie
Uimhir Rolla: 20144M



Polasaí Iontrála Ghaelscoil Cois Feabhail

‘Sé an Bord Bainistíochta a dhéanann an cinneadh do réir polasaí na scoile maidir le clárú na bpáistí sa scoil. De gnáth má bhíonn spás sa scoil cuirtear seo in iúl do na tuismitheoirí ar an lá a líontar an fhoirm iontrála. Mura bhfuil spás sa scoil ag ám an chláraithe cuirfear an páiste ar an liosta feithimh agus tuismitheoirí ar an eolas faoi chinne an Boird Bhainistíochta chomh luath is gur féidir. Cloífidh an Bord Bainistíochta le treoracha na Roinne Oideachais agus Eolaíochta maidir le líon na bpáistí i ngach rang, líon na múinteoirí sa scoil, riachtanais spáis agus cúrsaí slandála go ginearálta. Tá an Bord Bainistíochta teoranta ag Rialacha na Bunscoile de réir na Roinne Oideachais agus Eolaíochta a léiríonn nach féidir páiste a chlárú go dtí go mbíonn sé/sí ceithre bliana d'aois. (Níl freastal éigeantach go dtí go mbíonn leanbh sé bliana d'aois).

Cé go bhfuil sé de cheart ag tuismitheoirí a bpáistí a chlárú in aon scoil, tá Bord Bainistíochta Ghaelscoil Cois Feabhail freagrach as cearta phobal na scoile a chosaint, na páistí atá cláraithe cheanna féin, go háirithe. Chun a leithéid a bhaint amach is gá cinneadh cothrom a dhéanamh bunaithe ar phrionsabail cheartais aiceanta agus iad ag feidhmiú ar son leasa gach páiste. D’fhéadfadh an Bord Bainistíochta uasmhéid ranga i ngach seomra ranga a shocrú chun cuinsí dá leithéid a chur í bhfeidhm bunaithe ar:

- Spás atá ar fáil i seomra ranga
- Riachtanais oideachais a bheadh ag páistí ag aois áirithe
- Ranganna meascáithe
- Páistí sa rang le riachtanais speisialta oideachais/iompair
- Moltaí ón Roinn Oideachais maidir leis an uasmhéid ranga
- Moltaí agus treorach an phríomhoide

Critír Bunasacha Cláracháin

Seo a leanas atá critéir riachtanach go dtig le páiste clárú do Ghaelscoil Cois Feabhail:

- Caithfidh páistí bheith ceithre bliana d’aois ar an gcéad lá de Mheán Fomhair an bhliain chláraithe.
- Caithfidh tuismitheoirí bheith í bhfábhar oideachais tré mheán na gaeilge agus sásta tacú leis an meoin agus an éitéas seo.

Critír Clarachán í gcás farrasbharr Iarrthóra

Sa chás go sáraíonn an líon iarrthóra atá ag lorg áite in aon rang amháin an mhéid spáis atá ar fáil, roimh nó le linn scoilbhliain áirithe (toisc nach bhfuil sé d’acmhainn ag an mBord Bainistíochta cóiríocht bhreise a chur ar fáil nó earcaíocht a dhéanamh ar an bhfoireann a bheadh ag teastáil nó go sáraíonn sé polasaí na scoile í leith uasmhéid líon daltaí in aon rangbhliain), cuirfear na critéir seo leanas í bhfeidhm chun tosaíocht a thabhairt do pháistí áirithe clárú sa scoil:

GAELSCOIL COIS FEABHAIL

Carn na Gairbhe, Fón/Facs: 074 9385762
Bun an Phobail, Ríomhphost: gaelscoilcoisfeabhail2007@yahoo.ie
Co. Dhún na nGall. Uimhir Rolla: 20144M



- Deartháireacha agus deirfiúra (leasdeartháir agus leasdeirfiúr san áireamh) na páistí atá cláraithe cheanna féin sa scoil. Leanaí altrama atá á chothú ag clainn go bhfuil a bpáistí féin ag freastail ar an scoil.
- Páistí na foirne reath (caithfidh foirm chláráithe comhlánaithe bheith leis an scoil roimh 1ú Nollaig, don bhliain roimh thosnú ar scoil. Má chláraítear iad í ndiaidh an dáta seo ní bheidh tús áite acu do chlárachán na bliana ina dhiaidh)

Nuair atá an dhá chréir thuas sáraithe agus spásanna fós le líonadh, cláraítear páistí sa scoil de réir dáta chláráithe (nuair atá na rang ghrupaí líonta, déantar liosta feithimh agus líonfar gach folúntas ón liosta feithimh ag usáid na critéir thuas luaite).

Clarú Páiste/í le Riachtanaisí Speisialta:

I gcás leanaí le riachtanais speisialta, lorgóidh an Bord Bainistíochta cóipeanna de thuairiscí ó dhochtúirí /shiceolaithe & rl. i leith an linbh. Muna bhfuil a leithead de thuairiscí faighte cheanna féin iarrfaidh an Bord go ndéanfadh siceolaí/dochtúir measúnú ar an bpáiste. 'Sé an aidhm atá le seo ná chun cabhrú leis an scoil freastal go caoi ar riachtanais an linbh. Déanfaidh an Bord cinneadh faoin tslí ina bhfreastalódh an scoil ar na riachtanais a bheidh luaite ar an tuairisc, a luaithe agus a fhaigheann sé a leithead. Más é tuairim an Bhoird go mbeadh tuilleadh cabhrach ag teastáil san scoil chun freastal ar na riachtanais faoi mar atá leagtha síos san tuairisc lorgófar an tacaíocht caoi (msh. múinteoir acmhainne, múinteoir tacaíochta, cúntóir speisialta, múinteoir taistil, troscán ar leith, áis foghlama éigin, córas iompar & rl) ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Buailfidh an príomhoide (nó ionadaí ón scoil) leis na tuismitheoirí chun riachtanais an linbh a phlé agus chun cumas na scoile i leith freastal ar na riachtanais sin a mhíniú / phlé. I gcásanna áirithe dár ndóigh bheadh gá le mór chruinniú idir thuismitheoirí an linbh agus an príomhoide, an múinteoir tacaíochta, an siceolaí, an cúntóir speisialta.

Leanaí ag Athrú ó Scoil Eile:

Is féidir páistí a chlarú ó ghaelscoileanna eile an stát ag braith ar pholasaí an Bhoird ina leith seo, ag braith ar chúrsaí spáis agus cead na Roinne Oideachais agus Eolaíochta. Molann an Bord nach n-aistríonn daltaí nach raibh ag freastal ar 'ghaelscoil' nó nach as an Ghaeltacht iad, i ndiaidh don pháiste Rang 1 a chur i gcrích.

Tá na cinní uilig i dtaca le hiarratais iontrála déanta ag an Bhord Bainistíochta.

Teagasc an Bhéarla:

Déanfar Béarla a theagasc go foirmiúil sa trí théarma de na Naíonáin Mhóra.

GAELSCOIL COIS FEABHAIL

Carn na Gairbhe,
Bun an Phobail,
Co. Dhún na nGall.

Fón/Facs: 074 9385762
Ríomhphost: gaelscoilcoisfeabhail2007@yahoo.ie
Uimhir Rolla: 20144M



Athbhreithniú:

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo sa scoil bhliain 2014/2015

Glacadh leis an bpolasaí seo ag cruinniú An Bhoird Bhainistíochta dár dáta:

Sínithe:
(Cathaoirleach)

Finné: **Dáta:**